NUACHTLITIR DRÁMAÍOCHTA
NOLLAIG 2013

Ómós do Frank

Ceardlanna

Seoladh Leabhair

Tóstal Mhaigh Eo

Éigse na Samhna

Drámaí Nua

Amharclann Nua



AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
www.drama-gaeilge.com eolas@drama-gaeilge.com
Le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge

Ómós do Phroinsias Ó hOireachtaigh,

Cathaoirleach an Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta ar shíl na fírinne

Is boichte muid it' uireasa,
A Phroinsias chiúin Mhic Oireachtaigh,
A lasadh riamh an choinneal dúinn
Ar stáitse mór an tsaoil.

Ó Chuan an Daingin íochtar
Go dúthaigh Néill is Niallach,
Tá uaigneas ar na mílte
I ngach áit ar fhág tú rian.

– Micheál Ó Tuairisg

Frank sa phríomh-pháirt (an múinteoir scoile) sa dráma *Aistriúcháin* le Brian Friel a léirigh Aisteoirí na Tíre i 1981.

Cúpla bliain ó shoin, bhí Aisteoirí Bulfin ag léiriú dráma mar chuid den Fhéile Náisiunta Drámaíochta. Ba é an chéad uair againn é san halla áirithe sin, agus bhí go leor le déanamh. Dúirt duine éigin 'níl dóthain ama againn, tá an soilsiu ar fad le déanamh fós', ach dúirt duine eile 'ná bíodh imní ort, tá Frank anseo'. Agus bhí Frank i gcónaí 'anseo' agus ní raibh sé ariamh sásta nó go raibh pé foireann drámaíochta a bhí ós a chomhair sásta. Braithimíd uainn go mór Frainc Paidí Phaídí Mháinis. Ar dheis Dé go raibh a anam uasal.

– Mike Donoghue

Ar an gclúdach: Ag Ceardlann Drámaíochta do na Coláistí Tríú Leibhéil – Aoife Ní Shúilleabháin, Eoghan Lyng, Niamh Ní Ríogáin agus Philip Ó Hicí.
Ag an seoladh leabhair i mBaile Mhic Íre – Peigí Uí Aodha, Eilís Ní Shúilleabháin, Ann Uí Chéilleachair, Eibhlín Ní Lionáird agus Máire Uí Cheallaigh.

Braithfimid uainn ár gcara Frank

Frank i bpáirt "an cearrbhach" sa dráma *An Cearrbhach agus An Bás* le Lorcán Ó Riain – á léiriú ag Aisteoirí na Tíre i mBaile an Sceilg, Co. Chiarraí i 1976.

Frank sa dráma *An Dreoilín* a léirigh Aisteoirí na Tíre i 1975. Sé "An Rialtas" an teideal a bhí ar an gcarachtar a bhí aige sa dráma sin.

Mar Micheál Ciosóg sa dráma *An Fear Úd Cusack* le Seán Ó Morónaigh a léirigh Aisteoirí na Tíre i 1984 – bliain chomórtha an CLG.

Cúis mhór bhróin d'Aisteoirí Bhréanainn ab ea an scéal go bhfuair Proinsias Ó hOireachtaigh bás. Bhí Frank mar Chathaoirleach ar an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta ach ba mar shoilseoir ag Féilte agus ag taispeántais drámaíochta ab fhearr a bhí aithne ag baill an chumainn air. As an aithne sin, tuigeadh gur fear cneasta, cabhrach, díograiseach, tuisceanach é Frank. Bhí sé críochnúil is foighneach i mbun a chuid oibre. Bhí sé fial lena chomhairle. Duine é go raibh gean ag gach ball den gcumann air. Déanaimid comhbhrón le hOisín, lena pháirtí, a chlann is a mhuintir go léir. Go mbí soilse na bhFlaitheas ag lonrú air choíche.

– Boscó Ó Conchúir

Bhí Frank mar aisteoir agus mar léiritheoir le hAisteoirí Chois Móire, Sráid a' Mhuilinn, Co. Chorcaí ag tús na seachtóidí. Seo an fhoireann a léirigh an dráma *Laom Luisne Fómhair* le T. C. Murray.
ó chlé: Conchubhar Ó hÉalaithe, Tadhg Ó Súilleabháin, Proinsias Ó hOireachtaigh, Máire Ní Chadhla, Eibhlín Ní Chadhla, Áine Ní Luasa, Máire Ní Ríordáin agus Peadar Ó Ceallaigh.

Is cailleadh mór do Aisteoirí Mhíobhaigh é bás Frank. Nuair a thosaigh muid ag cleachtadh don chéad dráma 'Fear an Gheafta' ag tús na bliana 2004 cha raibh sé ar intinn againn dul isteach san Fhéile Náisiúnta leis mar bhí muid go díreach ag iarraidh dráma trí Ghaeilge a dhéanamh don phobal. Labhair mé le Frank fá na soilse agus tháinig sé ar bord linn. Thug sé tacaíocht mhór dúinn ó thaobh léiriú agus bainistíocht stáitse de. Mhol sé dúinn dul isteach i gcomórtas An Chomhlachas Náisiúnta rud a rinneamar agus dar ndóigh chuaigh muid isteach ann achan bhliain ó shin. Cha deachaigh muid ar stáitse áit ar bith nó in am ar bith taobh amuigh de Na Dúnaibh gan Frank linn ag déanamh na soilse. Is cuma cá háit atá muid ar stáitse ó seo amach beidh Frank linn inár gcroíthe. Ar dheis Dé go raibh a anam.

– Proinsias Ó Cuilinn

Ceardlann Drámaíochta i nGaillimh

Ag ceardlann léiritheoireachta agus scríbhneoireachta a d'eagraigh An Comhlachas in Órán Mór, Gaillimh ag deireadh Mheán Fómhair.
Ar chúl (ó chlé): Seán Ó Morónaigh, Proinsias Ó Cuillinn, Stiúrthóir Scríbhneoireachta; Muiris Ó Súilleabhán, Stiúrthóir Léiritheoireachta; Seán Mac Giolla Fhiondáin agus Seán Ó Muimhneacháin.
Chun tosaigh: Marian Mhic Cionnaith, Con Ó Cróinín, Máirín Uí Ghastúin, Máirín Mhic Lochlainn agus Áine Uí Chuill

Ag Tóstal Mhaigh Eo

Éigse Drámaíochta, i dTuar Mhic Éadaigh a d'eagraigh An Comhlachas i gcomhar le Chomhairle Chontae Mhaigh Eo ar an 20 Deireadh Fómhair.

Caoimhín Ó Súilleabháin, Partraí; Tomás Ó Máille, Nóra Mac Aodha – King, Tuar Mhic Éadaigh agus Máirtín Mac Donnchadha a bhí mar fear a' tí ag an ócáid.

Ar chúl (ó chlé): Seán Ó Morónaigh, Máirtín Ó Maicín, Máirtín Mac Donnchadha, Aralt Mac Giolla Chainnigh, Ceanada; Caoimhín Ó Suilleabháin agus Therese Ruane
Chun tosaigh: Oonagh Ní Chéilleachair, Oifigeach Gaeilge Chomhairle Chó. Mhaigh Eo; Patricia Ní Chiaráin, Ceanada agus Jacinta Ní Chonghaile.

Ag Éigse na Samhna in "An Chistin" i Luimneach

(ó chlé) Máire Tisdale, Aisteoirí Chúil Aodha; Pádraic Breathnach, údar; Micheál Ó Siochrú, file; Áine Uí Chuill, Aisteoirí Chúil Aodha agus Pádraig Ó Caomhánaigh, Aisteoirí Chorr na Móna.

Dráma nua-scríofa eile ag Francie

Na "Forty Niners"

Proinsias Ó Cuilinn

Is é *Nimh an Óir* an teideál atá ar an dráma fada nua-scríofa ag Proinsias Ó Cuilinn a bheidh á léiriú ag Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh, Tír Chonaill don tréimhse amach romhainn. Baineann an dráma seo le muintir Thír Chonaill a bhí thall i Meiriceá leis na "Forty-Niners" agus an t-ór buí á lorg acu. Tá saint agus saibhreas i gcomhlint lena chéile ag na himircigh seo. "Amharc ar na Rockies eh. Shíl muid go raibh sléibhte againn i dTír Chonaill."

Féilte Drámaíochta 2014

Is in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a bheidh Féile Drámaíochta na gColáistí 2014. Beidh sé ar siúl i mí Feabhra ach tá na dátaí le cinntiú ag Aoife Ní Shúilleabháin agus an gcoiste áitiúil.

Beidh Féile Drámaíochta Cheatharlach ar siúl in Amharclann George Bernard Shaw ar an mbaile ar an deireadh seachtaine 21 – 22 Márta 2014.

Tá sé socraithe go mbeidh Féile Drámaíochta i gCarn Tóchair, Co. Dhoire ar an deireadh seachtaine 28, 29 Márta agus beidh féile ag Na Dúnaibh, Tír Chonaill ar an deireadh seachtaine 4, 5 Aibreán.

Níl na féilte áitiúla i gcúige Mumhan ná i gcúige Chonnacht socruithe go fóill.

Féile Náisiúnta Drámaíochta 2014 i gCúil Aodha: 2,3,4 Bealtaine.

Ceardlann Drámaíochta ag an gComhlachas do na Coláistí Tríú Leibhéil

Aisteoirí ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Ollscoil Chorcaí, Choláiste na Tríonóide agus ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ag ceardlann drámaíochta a d'eagraigh An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta in Óstán Buswells, Baile Áth Cliath le déanaí.
Ar chúl (ó chlé): Ailbhe Nic Cába, Aodhán Peelo, Eoghan Lyng, Niamh Ní Ríogáin, Philip Ó Hicí, Bróna Ní Chiaráin agus Síle Nic Chonaonaigh, stiúrthóir na ceardlainne.
Chun tosaigh: Aoife Ní Shúilleabháin, Ruth Darcy, Emer Ní Mhurchú, Danielle Ní Dhochartaigh agus Cáit Ní hÉalaithe.

Seoladh Leabhair – *Drámaí ó Thobar Mhúscraí*

i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus sa leabharlann i mBaile Mhic Íre

Drámaí ó Thobar Mhúscraí á sheoladh i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar oíche Mháirt an 19 Samhain 2013

Mar a labhair Gearóid Ó Lúing –

"Ar son Chomhairle agus Stiúrthóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann cuirim fáilte roimh An Aire Stáit agus romhaibh go léir agus an leabhar breá seo, *Drámaí ó Thobar Mhúscraí* le Conchubhair Ó Deasmhumhna, á sheoladh."

B'shin mar a chuir Gearóid Ó Lúing, Coimeádaí Cúnta na Leabharlainne Náisiúnta, tús leis an ócáid seolta.

Thagair sé do Cheithre Máistrí Bhaile Mhúirne agus dúirt go bhfuil "ábhar fíor-spéisiúil" sa leabhar.

"Ar 27 Márta seo caite bhí ócáid an-taitneamhach ar fad againn anseo sa Leabharlann Náisiúnta nuair a léirigh An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta na drámaí atá sa leabhar seo. Tá an-áthas orm mar sin go bhfuil an leabhar breá seo á láinseáil anseo sa leabharlann anocht."

Mar a labhair Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D.

"Toisc go bhfuil saothair uile Uí Dheasmhumhna agus foinsí an leabhair seo i seilbh na Leabharlainne Náisiúnta, tá sé thar a bheith oiriúnach go bhfuil an leabhar á sheoladh san áit seo.

Scríbhneoir den scoth a bhí ann agus é ag gabháil don drámaíocht a tháinig chuige ó thobar an dúchais, ó thobar Mhuscraí féin. Chruthaigh sé carachtair a bhí beo bríomhar agus eachtraí a bhí bunaithe ar fhírinne an tsaoil. Níos suntasaí fós, thóg sé chuige canúint nádúrtha dheisbhéalach fhileata Mhúscraí a oireann go hiontach don drámaíocht sa Ghaeilge. Is cúis cheiliúrtha í i ndáiríre go bhfuil an bua scríbhneoireachta agus an fhís a bhí aige fós beo beagnach céad bliain tar éis a bháis. . . .

Chuaigh an tUasal Ó Deasmhumhna go mór i bhfeidhm ar scríbhneoirí eile agus tá teacht ar chuid de na saothair sin sa leabhar breá seo fosta, ina measc, ábhar ó Phróinséas Ó Ceallaigh, Dhónal Ó hÉalaithe agus Mhícheál Ó Cuileanáin. Leis na scéaldrámaí, an fhilíocht agus na hagallaimh bheirte ón údar féin, níl aon dabht ach go bhfuil tobar liteartha sa leabhar seo. Anuas ar an scríbhneoireacht ar fad, tá grianghraif san áireamh a léiríonn radharcanna ó dhrámaí éagsúla agus a chuireann go mór le dearadh an leabhair. . . . .

Tuigim gurb é seo an ceathrú leabhar atá foilsithe ag an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta ó 2005, a léiríonn an bhéim a chuireann sé ar thaighde agus shaineolas maidir le cúrsaí drámaíochta Gaeilge. . . .

Sula ndéanfar an seoladh oifigiúil ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt don Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta agus don tsár-obair atá ar bun aige chun ár n-oidhreacht a threisiú ar bhealach atá suimiúil agus tairbheach don phobal. . . . .

Caithfear moladh a thabhairt do Chlódóirí CL Teoranta fosta a rinne an-jab ó thaobh clódóireacht chumasach shnasta a chur ar an leabhar."

I Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

Ar chúl (ó chlé): Colm Ó Baoill agus Gearóid Trimble, Foras na Gaeilge; Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D.; Áine Uí Chuill, Comheagarthóir; Gearóid Ó Lúing, Coimeádaí Cúnta na Leabharlainne Náisiúnta agus Seán Ó Morónaigh, Comheagarthóir.

Ag an seoladh sa Leabharlann Náisiúnta
(ó chlé):
An scríbhneoir, Críostóir Ó Floinn; Gearóid Ó Lúing, Con Ó Cróinín agus An Dr Pádraig Ó Laighin.

An leabhar á sheoladh sa leabharlann i mBaile Mhic Íre

Liam Ó Mathúna, Mairéad Uí Lionáird, Gerry McBride agus Seán Ó Loingsigh.

Peadar Ó Ceallaigh, Eibhlín Ui Cheallaigh, Peigí Ní Cheallaigh agus Kristen Gleeson.

"Is iúntach an ní é, dar liom, go bhfuil beatha curtha sna scéaltha agus sna blúirí eile seo ag Aisteoirí Chúil Aodha, agus fiú amháin go bhfuil cuid acu le fáil ar físteip. Mara mbeadh a gcuid oibre ní bheadh Gaelainn Chrothúir os comhair na ndaoine. Mara mbeadh an scéaldrámaíocht ní bheadh teacht ar an saibhreas a fhág Crothúr le huacht againn."

– An Dr Seán Ua Súilleabháin, ag seoladh an leabhair i mBaile Mhic Íre.

Deir Nóirín Uí Chatháin linn go mbeidh dhá agallamh ó hÉigse na Féile Náisiúnta 2013 "An Buistéir agus an Feilméara" agus "Agallamh an Tóstail" á gcur i láthair san Earrach seo romhainn ag Daonscoil na hAstráile i Myrniong, Victoria.
Sa phictiúr tá: Siobhán Uí Mhaoldomhnaigh agus Nóirín Uí Chatháin ag gabháil do agallamh beirte ag Daonscoil na bliana seo caite.

Móna Ní Liatháin a bheidh sa phríomh-pháirt sa dráma *Maggie Mhór* le John B. Keane a bheidh á léiriú ag **Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach,** san áthbhliain.

W.B. Yeats

Tá an dráma gearr cáiliúil le W.B. Yeats, *Caitlín Ní Uallacháin* roghnaithe ag **Aisteoirí na gCopaleen, An Srath Bán,** Tír Eoghain, le léiriú ag na féilte drámaíochta i 2014.

Drámaí á bPleanáil i dTír Chonaill, Doire agus Tír Eoghain

Ag Cruinniú de Chomhaltas Drámaíochta Uladh i gcathair Dhoire le déanaí bhí:
Seán Ó Morónaigh, Stiúrthóir an Chomhlachais; Ciara de Barra agus Marian Mhic Cionnaith, Aisteoirí Charn Tóchair; Máire Ní Dhochartaigh, Aisteoirí na gCopaleen, An Srath Bán; Caoimhín Mac Uignn, Aisteoirí na hÓmaí; Máirín Uí Ghastúin, Aisteoirí Charn Tóchair; Proinsias Ó Cuilinn, Aisteoirí Mhíobhaigh agus na haisteoirí óga – Che Mac an tSaoir agus Aoibh Nic an tSaoir.

Cathaoirleach Nua ar an gComhlachas

Toghadh Áine Uí Chuill ina cathaoirleach ar an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta ag cruinniú de choiste náisiúnta an Chomhlachais an 24 Samhain. Tagann sí i gcomharbacht ar Phroinsias Ó hOireachtaigh a d'imigh uainn ar shlí na fírinne i mí Mheán Fómhair.

Geamaireachtaí i gCorca Dhuibhne agus i mBaile Átha Cliath

Cuid de fhoireann *Cinder Eile* a bheidh á léiriú ag Aisteoirí Bhréanainn ar 11- 12 agus 30 Nollaig i Halla na Feothanaí, Corca Dhuibhne.
Ar chúl (ó chlé): Máire Uí Bheaglaoich, Páidí Mharthain Mac Gearailt, Edward Hutchinson, Tomás Ó Lúing, Noelí Ó Maoileoin agus Andy Ó Néill.
Chun tosaigh: Ógaí Ó Sé, Sinéad Ní Mhuircheartaigh agusTomás Ó hIcí.

Aisteoirí Bulfin i mbun cleachtadh ar an ndráma *LaraeDó* –
Sinéad Ní Uallacháin, Tadhg Ó Conchubhair agus Lionel Mac Cárthaigh.
Beidh Aisteoirí Bulfin ar stáitse i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh leis an seó is déanaí acu, *LaraeDó*. Dráma ceolmhar grinn é *LaraeDó* le hAodh Ó Domhnaill. Is é Barry Barnes an léiritheoir. Ionad 1: The New Theatre, 43 Sráid Essex Thoir, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2
Dátaí: 3, 4, 5, 6 & 7 Nollaig ag 7.30 p.m.
Ionad 2: An Taibhdhearc, Gaillimh ar 14 Nollaig ag 8 p.m.

Amharclann Nua i gCarn Tóchair

Déanaimid comhgháirdeas le muintir Charn Tóchair as an amharclann bhreá nua atá acu – An Coire. Chuaigh stiurthóirí na hamharclainne i gcomhairle leis an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta maidir leis an leagan amach agus is cinnte go gcuirfidh an amharclann go mór leis an drámaíocht sa cheantar. Tá drámaí Gaeilge á léiriú ag Aisteoirí Charn Tóchair le roinnt blianta anois agus go n-éirí leo san ionad nua.